# Ráiteas Straitéise

## 2026-28

PCSA

# Forbhreathnú

Is é seo an chéad ráiteas straitéise (an Straitéis) ón Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) agus clúdófar an tréimhse 2026-2028 leis. Leagtar amach ann:


| | Leathanach |
|---|---|
| Cé Sinn | 2 |
| Ár bhFís, Ár gCuspóir agus Conas a Oibreoimid | 3 |
| Ár gCuspóirí Straitéiseacha | |
| → Formhaoirseacht Chomhsheasmhach agus Measúnacht Neamhspleách a Sholáthar | 4 |
| → Sábháilteacht Pobail a Chothú agus a Chur Chun Cinn | 6 |
| → A Bheith inár nGuth Inchreidte, Iontaofa, agus Saineolach ar an bPóilíneacht | 7 |
| → A Bheith inár nEagraíocht Dhea-Reáchtáilte agus Éifeachtach | 8 |
| Conas a d’fhorbraíomar an Straitéis seo | |
| → Measúnú ar Chearta an Duine | 9 |
| → Measúnú ar Shábháilteacht Pobail | 11 |
| Soláthar agus Athbhreithniú Leanúnach | 12 |

# Cé sinn

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail an 02 Aibreán 2025 mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách ar a bhfuil freagracht as formhaoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána. Tá sé comhdhéanta d'Údarás ina bhfuil naonúr comhaltaí, a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann Feidhmiúcháin atá faoi stiúir Príomhfheidhmeannaigh. Is é an eagraíocht chomharba ar an Údarás Póilíneachta agus ar Chigireacht an Gharda Síochána é.

Tá sé mar chroíchuspóir ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail formhaoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann agus ar a chuid oibre le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun sábháilteacht na bpobal sin a chinntiú. Déantar é sin ar na bealaí seo a leanas:

- **Tosaíochtaí Póilíneachta a Chinneadh** don Gharda Síochána – réimsí a dteastaíonn tuilleadh dírithe nó airde ina leith chun feabhas a chur ar an tseirbhís póilíneachta a sholáthraítear don phobal;
- **An fheidhmíocht póilíneachta a mheasúnú** i gcomparáid leis na Tosaíochtaí sin, le Plean Straitéiseach an Gharda Síochána agus lena Phlean Seirbhíse Bliantúil, agus leis an Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú;
- **Cigireachtaí a ghabháil de láimh** agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheirbhísí póilíneachta;
- **Caidreamh a dhéanamh le pobail agus le geallsealbhóirí** chun éisteacht leis na heispéiris atá ag daoine sa phóilíneacht agus ina bheith dá bpóilíniú agus chun na heispéiris sin a thuiscint;
- **Cur chun cinn a dhéanamh ar chaighdeáin phóilíneachta** agus ar fheabhsú leanúnach na póilíneachta, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus le caighdeáin um chearta an duine;
- **Feasacht agus tuiscint** ar nithe póilíneachta **a chur chun cinn** trí thuarascálacha a fhoilsiú, trí imeachtaí a reáchtáil agus trí thaighde a ghabháil de láimh; agus,
- **Eolas agus comhairle a thabhairt** don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus do phríomh-gheallsealbhóirí eile maidir le nithe póilíneachta.

Leagtar amach sa Straitéis seo conas a chomhlíonfaimid na feidhmeanna sin faoi cheithre chuspóir straitéiseacha. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a léamh faoin Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus coinneáil ar an eolas faoinár gcuid oibre anseo.

PCSA

# Is í ár bhfís ná seirbhís póilíneachta atá gafa, éifeachtach agus ceartabhunaithe agus a chinntíonn sábháilteacht gach pobail.

Is é ár gcuspóir ná formhaoirseacht agus measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an nGarda Síochána chun a chinntiú gurb éifeachtach, comhsheasmhach agus cóir a bhíonn na seirbhísí póilíneachta a sholáthraítear do gach pobal.

## Oibreoimid ar bhealach:

**A soláthróidh measúnú agus comhairle a bheidh cóir, macánta agus neamhspleách agus lena ndéanfar cothú agus cur chun cinn ar fheabhsuithe ar an bpóilíneacht;**

**A gcuirfidh eispéiris na bpobal, go háirithe eispéiris na ndaoine is leochailí, agus eispéiris phearsana an Gharda Síochána i gcroílár ár bhformhaoirseachta;**

**A bheidh trédhearcach, oscailte agus cuntasach faoin dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus faoin bhfianaise a úsáidimid;**

**A gcomhoibreoidh le comhpháirtithe agus le geallsealbhóirí chun seirbhísí póilíneachta a fheabhsú agus chun sábháilteacht pobail a chur chun cinn chun leasa ár bpobal; agus,**

**A gcinnteoidh go n-oibreoimid go héifeachtúil agus go gcomhlíonfaimid na caighdeáin is airde mar chomhlacht formhaoirseachta, mar chomhlacht poiblí, agus mar fhostóir.**

# Ár gCuspóirí Straitéiseacha

Mar atá leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas, tá ceithre chuspóir straitéiseacha socraithe againn don tréimhse 2026-2028. Faoi gach ceann díobh sin, tabharfaimid breac-chuntas freisin ar na príomhthéamaí a ndíreoimid orthu agus ar na gníomhartha a dhéanfaimid chun an straitéis a chur i gcrích go rathúil.

| Ár gCuspóir: | Formhaoirseacht Chomhsheasmhach agus Measúnacht Neamhspleách a Sholáthar |
|---|---|

Faoin gcuspóir seo, ba mhaith linn a chinntiú go ndéanfaimid formhaoirseacht chuimsitheach ar an raon seirbhísí a sholáthraíonn an Garda Síochána agus ar na feidhmeanna a chomhlíonann sé. Áireofar leis sin díriú méadaithe ar réimsí nó téamaí a gcreidimid go mbeidh an díriú méadaithe sin ag teastáil ina leith.

| Príomhthéama | Conas a Dhéanfaimid an Méid Sin? |
|---|---|
| **Feidhmíocht an Gharda Síochána** | Feidhmíocht an Gharda Síochána a mheasúnú i gcomparáid leo seo a leanas, de réir mar is cuí:<br>➜ Na Tosaíochtaí Póilíneachta 2026-2028, Plean Straitéiseach an Gharda Síochána 2026-2028, agus a Phleananna Seirbhíse Bliantúla;<br>➜ Moltaí arna ndéanamh ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, ag iar-Chigireacht an Gharda Síochána, agus ag geallsealbhóirí eile; agus,<br>➜ Straitéisí agus pleananna náisiúnta agus áitiúla a bhaineann le póilíneacht agus le sábháilteacht pobail. |
| | Gníomhaíocht shonrach measúnachta a ghabháil de láimh, lena n-áirítear cigireachtaí, maidir le saincheisteanna tosaíochta nó le saincheisteanna éiritheacha. |
| | Na nithe seo a leanas a fhoilsiú agus a choinneáil faoi athbhreithniú:<br>➜ Creat Formhaoirseachta an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, ina léirítear conas a dhéanaimid formhaoirseacht agus measúnú ar an nGarda Síochána; agus,<br>➜ Plean Cigireachta, ina mionsonraítear na réimsí a mheasaimid a bheith ina réimsí tosaíochta le haghaidh cigireachta. |

| Príomhthéama | Conas a Dhéanfaimid an Méid Sin? |
|---|---|
| **Comhionannas agus Comhsheasmhacht na Seirbhíse** | Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus comhsheasmhacht na seirbhíse a sholáthraítear do gach pobal, agus díriú á leagan ar na daoine sin atá leochaileach, ar phobail mhionlaigh agus ar íospartaigh. |
| | Formhaoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar an leibhéal fonáisiúnta, lena n-áirítear ar leibhéal an rannáin de chuid an Gharda Síochána. |
| | Meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid atá seirbhísí póilíneachta ag teacht leis na hoibleagáidí agus na dualgais um chearta an duine atá ar an nGarda Síochána. |
| **Cumasóirí na Póilíneachta** | Faireachán a dhéanamh ar na córais agus na struchtúir atá i bhfeidhm ag an nGarda Síochána le haghaidh na nithe seo a leanas:<br>➔ Tacú lena phearsana, agus iad a oiliúint agus a bhainistiú;<br>➔ Aghaidh a thabhairt ar thearcfheidhmíocht, agus gníomhaíocht chuí thráthúil araíonachta a ghabháil de láimh; agus,<br>➔ A acmhainní a bhainistiú agus a imscaradh. |
| | Grinnscrúdú a dhéanamh ar ghlacadh teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha chun a chinntiú go mbainfear úsáid chuí agus chomhréireach astu. |

| **Ár gCuspóir:** | **Sábháilteacht Pobail a Chothú agus a Chur Chun Cinn** |
|---|---|

Faoin gcuspóir seo, ba mhaith linn a chinntiú go n-imreoimid príomhról i sábháilteacht pobail a chur chun cinn, a chothú agus a chinntiú trínár gcuid oibre féin agus trí fhormhaoirseacht ar an nGarda Síochána.

| Príomhthéama | Conas a Dhéanfaimid an Méid Sin? |
|---|---|
| **Caidreamh a Dhéanamh, Éisteacht agus Tuiscint** | Tús áite a thabhairt d'eispéiris an phobail trí chur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith caidreamh a dhéanamh le pobail, á chinntiú go ndéanfaimid caidreamh le raon éagsúil geallsealbhóirí maidir le nithe formhaoirseachta. |
| | Príomhdhíriú a leagan ar chaidreamh fiúntach le pobail nár phléigh linn go dtí seo, ar an iomarca comhairliúcháin a sheachaint, agus ar a chinntiú go mbeidh aiseolas cuí agus gníomhaíocht leantach chuí ann. |
| | Ár naisc agus ár gcaidreamh le pobail a neartú chun a chinntiú go mbeimid ar fáil agus in ann éisteacht leo. |
| | Cur lenár gclár fairsing cruinnithe pearsanta agus ar líne le pobail trí bhealaí nua a fhorbairt chun caidreamh a dhéanamh trí imeachtaí, trí theacht os comhair na meán, agus trí shuirbhéanna a dhéanamh, etc. |
| **Obair i gComhpháirt** | Mar phríomh-gheallsealbhóir, agus mar bhall den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, rannchuidiú le treo straitéiseach na samhla nua sábháilteachta pobail trí fhaireachán a dhéanamh ar obair i gcomhpháirt sa phóilíneacht agus trí thuairisciú ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht. |
| | Teagmháil ghníomhach a choinneáil ar bun leis na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, bíodh sé go díreach leo nó tríd an Oifig Náisiúnta, chun tacú le hobair a chéile maidir le sábháilteacht pobail a chur chun cinn. |
| | Formhaoirseacht agus measúnacht a dhéanamh ar bhealach a gcuireann rannpháirtíocht agus ionchur na ngeallsealbhóirí riachtanacha agus na gcomhpháirtithe riachtanacha san áireamh. |
| | Na gníomhartha tosaíochta uile arna sainaithint inár measúnú ar shábháilteacht pobail a chur i gcrích (féach lch 11). |

| Ár gCuspóir: | A Bheith inár nGuth Inchreidte, Iontaofa, agus Saineolach ar an bPóilíneacht |
|---|---|

Faoin gcuspóir seo, ba mhaith linn a chinntiú go n-oibreoimid i dtreo sprioc níos fadtéarmaí arb éard í teacht chun bheith ar an gcomhlacht teagmhála i dtaca le gach ní a bhaineann leis an mbeartas, an taighde agus an saineolas póilíneachta, á chinntiú go mbeidh an t-eolas sin oscailte do chách agus inrochtana ag cách.

| Príomhthéama | Conas a Dhéanfaimid an Méid Sin? |
|---|---|
| **Comhairle agus Eolas a Thabhairt** | Ceithre chruinniú ar a laghad le Coimisinéir an Gharda Síochána, agus cruinniú amháin ar a laghad leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, a thionól go poiblí gach bliain. |
| | Rannchuidiú go réamhghníomhach leis an reachtaíocht, an straitéis agus na beartais a mhéid a bhaineann leis an bpóilíneacht agus a bhfuil tionchar acu uirthi, lena n-áirítear:<br>➜ Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána a shocrú agus a athbhreithniú;<br>➜ Comhairle a thabhairt maidir le Plean Straitéiseach an Gharda Síochána agus lena Phleananna Seirbhíse Bliantúla, agus leis an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail a Fheabhsú. |
| | Léargas tráthrialta a thabhairt ar fheidhmíocht póilíneachta trí fhoilseacháin, trí imeachtaí, agus trí chaidreamh leis na meáin, etc. |
| | Tuiscint an phobail ar nithe póilíneachta, príomh-shaincheisteanna agus príomhdhíospóireachtaí a chur chun cinn, agus cur chun cinn a dhéanamh ar na cearta agus na caighdeáin ar féidir le pobail a bheith ag súil leo agus seirbhísí póilíneachta á bhfáil acu. |
| **Saineolas a Thógáil agus a Chomhroinnt** | Straitéis taighde agus sonraí a fhoilsiú agus a chur chun feidhme. |
| | Caidreamh fairsing a dhéanamh le comhlachtaí formhaoirseachta eile, leis an bpobal taighde, agus le comhlachtaí/grúpaí saineolaithe eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun coinneáil ar an eolas faoi na forbairtí agus faoin dea-chleachtas sa phóilíneacht agus sa tsábháilteacht pobail. |
| | Taighde a úsáid chun ár gcuid eolais a mhéadú agus chun léargas a thabhairt ar an bpóilíneacht agus ar an eispéireas a bhíonn ag pobail inti, lena n-áirítear:<br>➜ Taighde a dhéanamh laistigh den Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail;<br>➜ Taighde ag geallsealbhóirí eile a éascú trí chistiú agus/nó faisnéis a sholáthar; agus,<br>➜ Comhoibriú le comhpháirtithe chun tionscadail taighde a chur i gcrích. |
| | Úsáid a bhaint as sonraí, arna dtáirgeadh ag an nGarda Síochána, ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, agus ag comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile (lena n-áirítear taighdeoirí, acadóirí agus grúpaí ionadaíocha) chun léargais thábhachtacha a fháil ar an bpóilíneacht. |

| Ár gCuspóir: | A Bheith inár nEagraíocht Dhea-Reáchtáilte agus Éifeachtach |
|---|---|

Mar eagraíocht nua, táimid dírithe faoin gcuspóir seo ar na daoine cearta, an teicneolaíocht cheart agus na hacmhainní cearta a bheith i bhfeidhm againn chun an Straitéis a chur i gcrích ar bhealach a dtairgeann luach ar airgead don phobal.

| Príomhthéama | Conas a Dhéanfaimid an Méid Sin? |
|---|---|
| **Áit Oibre Iontach** | Infheistiú i straitéis chuimsitheach foghlama agus forbartha agus í a choinneáil ar bun, ar straitéis í lena ndíreofar ar ionduchtú, ar eispéiris foghlama don duine aonair, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ar shainscileanna agus ar shaineolas. |
| | Creidiúnú mar Áit Oibre Iontach a bhaint amach. |
| | Tús áite a thabhairt do choinneáil foirne, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas:<br>➜ Díriú ar chultúr na háite oibre;<br>➜ Cur chuige tacúil agus dírithe ar fhorbairt i leith bainistíocht feidhmíochta; agus,<br>➜ Deiseanna foghlama agus forbartha a sholáthar. |
| **Éifeachtúil, Éifeachtach agus Luach ar Airgead** | A chinntiú go mbainfear úsáid chuí as airgead poiblí ar na bealaí seo a leanas:<br>➜ Pleanáil agus bainistíocht tionscadal atá oiriúnach don fheidhm;<br>➜ Nósanna imeachta airgeadais, soláthair agus rialachais dea-chleachtais; agus,<br>➜ Iniúchóireacht thráthrialta rioscabhunaithe. |
| | Deiseanna nuálaíochta agus claochlaithe dhigitigh a shainaithint agus a úsáid chun éifeachtúlacht a mhéadú agus chun acmhainn a fheabhsú mar eagraíocht bheag. |
| **Ceartabhunaithe agus Eiticiúil** | Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| | Feidhmiú, ar fud ár gcuid oibre ar fad, de réir chreat chearta an duine, agus na gníomhartha tosaíochta arna sainaithint inár measúnú ar chearta an duine a chur chun feidhme (féach lch 09). |
| | Cód Eitice agus Iompair do Chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a fhorbairt agus a fhoilsiú. |

# Conas a d'fhorbraíomar an Straitéis seo

Socraíodh an Straitéis seo, agus na cuspóirí atá istigh inti, tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Machnamh a dhéanamh ar na tuairimí agus na heispéiris a chuir pobail, geallsealbhóirí, pearsana an Gharda Síochána, saineolaithe ar an bpóilíneacht, agus a lán daoine eile in iúl trí shraith comhairliúchán – lena n-áirítear iad siúd a rinneadh agus na Tosaíochtaí Póilíneachta 2026-2028 á bhforbairt againn;
- Anailís a dhéanamh ar na dúshláin agus na saincheisteanna atá ann faoi láthair agus ar dóigh dóibh a bheith ann amach anseo agus a mbeidh tionchar acu ar an bpóilíneacht agus ar an tsábháilteacht pobail in Éirinn;
- Obair láithreach an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána a bhreithniú; agus,

Measúnú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail freastal ar ár gceanglais faoi dhualgais na hearnála poiblí maidir le cearta an duine agus le sábháilteacht pobail.

### Measúnú ar Chearta an Duine

Maidir le cearta an duine, tá ról déach ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail. Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar ár gcuid oibre ar bhealach a ndíchuireann an t-idirdhealú, a gcuireann comhionannas chun cinn agus a gcosnaítear cearta an duine – is dualgas poiblí é sin atá ar gach comhlacht poiblí. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear san áireamh inár gcuid oibre formhaoirseachta agus measúnachta ar an nGarda Síochána na hoibleagáidí atá ar an nGarda Síochána an rud céanna a dhéanamh.

Chuireamar measúnú i gcrích chun a fháil amach cé na réimsí inar féidir linn feabhas a chur ar an dóigh a gcomhlíonaimid an ról sin.

Is leagtha amach thíos atá na príomhréimsí a sainaithníodh agus na gníomhartha tosaíochta a dhéanfaimid.

Déanfaimid measúnú leanúnach ar an dóigh a bhfuilimid ag comhlíonadh na gceanglas agus an dea-chleachtais um chearta an duine, agus forbróimid tuilleadh gníomhartha lena gcuirfear ar ár gcumas feabhsú i gcónaí.

| Príomhthéama | Gníomhartha Tosaíochta |
|---|---|
| **Tuiscint ar Eispéiris Pobal Mhionlaigh agus/nó Pobal Leochaileach sa Phóilíneacht** | Príomhdhíriú a leagan ar chaidreamh fiúntach le pobail nár phléigh linn go dtí seo, ar an iomarca comhairliúcháin a sheachaint, agus ar a chinntiú go mbeidh aiseolas cuí agus gníomhaíocht leantach chuí ann. |
| | Tuilleadh taighde agus bailithe sonraí a dhéanamh lena dtugtar léargas ar na heispéiris fíorshaoil atá ag pobail i leith na póilíneachta agus na sábháilteachta pobail, agus tathant a dhéanamh ar son na hoibre sin. |

| Príomhthéama | Gníomhartha Tosaíochta |
|---|---|
| **Formhaoirseacht ar an nGarda Síochána** | A chinntiú gur treoraithe ag príomh-shaincheisteanna agus príomhbhreithniúcháin um chearta an duine a bheidh na Tosaíochtaí Póilíneachta reachtúla arna socrú ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus a bheidh na tuairimí arna soláthar do Choimisinéir an Gharda Síochána ar Phlean Straitéiseach an Gharda Síochána agus ar a Phlean Seirbhíse Bliantúil. |
| | Trínár gcreat formhaoirseachta, cearta an duine a úsáid mar phríomhdhearcadh trína ndéantar gach measúnú feidhmíochta agus gach cigireacht – lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an Garda Síochána ag comhlíonadh dhualgas na hearnála poiblí. |
| | A chinntiú go leagfar príomhdhíriú i measúnuithe ar na heispéiris fíorshaoil atá ag pobail, agus leas á bhaint as caidreamh díreach, as an taighde atá ar fáil, agus as comhairliúchán le príomh-gheallsealbhóirí agus le saineolaithe. |
| **Acmhainn agus Eolas Inmheánach** | Creat a fhoilsiú lena dtreorófar conas a leabóimid cearta an duine i ngach foireann, le tacaíocht ó phlean gníomhaíochta mionsonraithe agus faoi réir tuairisciú poiblí leanúnach. |
| | Grúpa stiúrtha inmheánach a bhunú – a bheidh comhdhéanta de bhainisteoirí sinsearacha ó gach feidhm – chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata tríd an bplean gníomhaíochta. |
| | Oiliúint agus forbairt foirne a sholáthar maidir le cearta an duine. |
| **Inrochtaineacht faisnéise** | Ár bhfoilseacháin, ár gcruinnithe poiblí ar líne, agus ár gcumarsáidí eile leis an bpobal a sholáthar ar mhodh atá ag éirí níos sorochtana. |
| | Rochtain chuí a chinntiú dóibh siúd ar mian leo caidreamh a dhéanamh linn trí Ghaeilge agus trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. |
| | Suíomh Gréasáin nua a chur i bhfeidhm atá i gcomhréir leis an reachtaíocht agus an dea-chleachtas náisiúnta agus Aontais Eorpaigh, agus athbhreithniú tráthrialta á dhéanamh air. |

## Measúnú ar Shábháilteacht Pobail

Is ann do dhualgas earnála poiblí den chineál céanna ar chomhlachtaí poiblí áirithe breithniú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir linn cabhrú le sábháilteacht pobail a fheabhsú, go háirithe sábháilteacht na ndaoine sin atá leochaileach nó i mbaol.

Tríd is tríd, is é an ról a bheidh againn i leith sábháilteacht pobail ná measúnú a dhéanamh ar an méid atá an Garda Síochána ag obair go héifeachtach le comhpháirtithe, agus an méid atá an tacaíocht a theastaíonn ón nGarda Síochána uathu aige, chun coireacht a chosc agus chun daoine aonair agus pobail a choinneáil sábháilte.

Is leagtha amach sa tábla thíos atá roinnt de na príomhréimsí inar féidir linn rannchuidiú le sábháilteacht pobail, mar aon leis na gníomhartha tosaíochta a dhéanfaimid le linn na tréimhse straitéise seo.

| Príomhthéama | Gníomhartha Tosaíochta |
|---|---|
| **An tSamhail Sábháilteachta Pobail a Leabú** | Trínár n-áit ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta, rannchuidiú le treo straitéiseach na sábháilteachta pobail, agus saincheisteanna nó ábhair imní a tharraingt anuas de réir mar a thagann siad chun cinn le linn ár gcaidrimh le pobail agus le linn ár measúnaithe ar an nGarda Síochána. |
| | Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le hobair le struchtúir sábháilteachta pobail agus le tacú le straitéisí agus pleananna sábháilteachta pobail ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear measúnú ar ionchur tacaíochta riachtanaí ó ghníomhaireachtaí is comhpháirtithe. |
| | A chinntiú gur treoraithe ag príomh-shaincheisteanna agus príomhbhreithniúcháin um shábháilteacht pobail a bheidh na Tosaíochtaí Póilíneachta reachtúla arna socrú ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus a bheidh na tuairimí arna soláthar do Choimisinéir an Gharda Síochána ar Phlean Straitéiseach an Gharda Síochána agus ar a Phlean Seirbhíse Bliantúil. |
| | Bunaithe ar ár bhformhaoirseacht, ar ár gcaidreamh leis an bpobal, agus ar ár dtaighde, rannchuidiú leis an Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú agus tacú lena cur i gcrích. |
| **Caidreamh Gníomhach** | Obair chomhpháirteach éifeachtach agus comhroinnt faisnéise éifeachtach a chinntiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta trí chaidreamh tráthrialta leis an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail agus leis na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, agus trí chruinnithe tráthrialta a thionól le cathaoirligh agus leaschathaoirligh na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla. |
| | I gcás gur cuí, a chinntiú go ndéanfar saincheisteanna pobail agus saincheisteanna de chuid an Gharda Síochána a bhaineann le sábháilteacht pobail a tharraingt anuas le príomh-gheallsealbhóirí. |
| **Feasacht agus Cur Chun Cinn** | Úsáid a bhaint inár dtuairisciú agus trínár gcaidreamh le geallsealbhóirí as ár measúnuithe, as ár bhfoilseacháin agus as ár n-imeachtaí chun aird a tharraingt ar shamplaí de dhea-thionscnaimh sábháilteachta pobail. |
| | Bualadh go poiblí, uair amháin sa bhliain ar a laghad, leis an Stiúrthóir Náisiúnta chun nithe sábháilteachta pobail a phlé. |
| | Measúnú cuí agus an t-eolas is deireanaí cuí ar ionchur an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus an Gharda Síochána sa tsábháilteacht pobail a sholáthar trínár dtuairisciú tréimhsiúil ar fheidhmíocht agus trínár dtuairisciú bliantúil. |

# Soláthar agus Athbhreithniú Leanúnach

Faoi mar atá leagtha amach, tá an straitéis seo á socrú chun obair an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a threorú ar feadh na tréimhse 2026-2028. Is boinn taca don straitéis a bheidh i dtrí phlean gnó bhliantúla ina sainaithneofar gníomhartha sonracha chun gach cuspóir a chur chun cinn agus chun a chinntiú go gcuirfear an straitéis i gcrích.

Gach bliain, chun a thaispeáint cén dul chun cinn atá á dhéanamh againn, gabhaimid orainn féin forbhreathnú ar an bplean bliantúil don bhliain sin a fhoilsiú agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú chun míniú a thabhairt ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bplean sa bhliain roimhe.

PCSA